Struchtúr Teaghlaigh i measc Leanaí ag Aois Scoile

HBSC (IOMPRÍOCHT SLÁINTE i LEANAÍ ag AOIS SCOILE) na hÉIREANN 2002

Bileog Fíricí Taighde 2

An Dr Michal Molcho agus an Dr Saoirse Nic Ghabhainn an tIonad Léinn um Chothú Sláinte, OÉ Gaillimh.

Achoimre

De réir thaighde HSBC na hÉireann, tá 85% de leanaí ina gcónaí lena mbeirt tuismitheoirí. Níor tháinig athrú ar an gcéatadán seo ó 1998 i leith. Níor sonraíodh difríochtaí idir cás na mbuachaillí agus cás na gcailíní, idir aoisghrúpaí nó idir aicmí sóisialta ó thaobh bheith ag cónaí le beirt tuismitheoirí. Bíonn sláinte níos fearr le sonrú i measc leanaí a chónaíonn lena mbeirt tuismitheoirí. Ní bhíonn an oiread sin comharthaí mothálacha sláinte nó comharthaí fisiciúla sláinte le sonrú ina measc agus bíonn seans níos mó ann go léirítear a shásta atáthar lena saol i gcomparáid leis na leanaí atá faoi chúinsí eile cónaithe. Sa mhullach air sin, bíonn seans níos lú ann go mbítear ólta nó go gcaitear tobac go minic. Pléann an bhileog fíricí le comhdhéanamh an teaghlaigh agus ní chuireann sí san áireamh a fheabhas nó a mheasa is a bhíonn caidrimh laistigh den teaghlach.

Cén fáth a gcuirtear béim ar an ábhar seo?

Is suíomh ríthábhachtach é an teaghlach ina múnlaítear iompar agus dearcadh i leith na sláinte[3]. De bharr na n-athruithe a tharla i rith an fhichiú aois maidir le struchtúr teaghlaigh, tá breis is rogha amháin ann i dtaobh comhdhéanamh teaghlaigh[4]. Cé go mbíonn baint ag bheith i do chónaí i dteaghlach aontuismitheora le baol méadaithe i leith fadhbanna sláinte [5,6], d'fhéadfadh bheith i do chónaí le do bheirt tuismitheoirí a bheith ina ghné chosanta.

Treochtaí 1998 – 2002

Is beag athrú a shonraítear i dtaobh an chéatadáin leanaí a chónaíonn le beirt tuismitheoirí. Mhaígh 88% de leanaí uile na tíre gur chónaigh siad lena máthair agus lena n-athair i 1998, agus mhaígh 86% amhlaidh in 2002: níl athrú le sonrú i dtaobh na gcéatadán seo san uile aoisghrúpa agus inscne. As an líon beag nach gcónaíonn lena mbeirt tuismitheoirí cónaíonn 80% lena máthair amháin nó lena máthair agus lena leasathair.

...Struchtúr Teaghlaigh i measc Leanaí ag Aois Scoile



Leanaí nach gcónaíonn le beirt tuismitheoirí

Pátrún teaghlaigh a chur i gcomhthéacs

- Níos minice ná a mhalairt léiríonn leanaí a chónaíonn le beirt tuismitheoirí sláinte den scoth i gcomparáid le leanaí nach gcónaíonn le beirt tuismitheoirí. (29% vs. 22%).
- Tá seans níos mó ann go léireoidh leanaí a chónaíonn le beirt tuismitheoirí go bhfuil siad sásta lena saol i gcomparáid le leanaí nach gcónaíonn le beirt tuismitheoirí (45% vs. 37%).
- Níos minice ná a mhalairt ní shonraítear comharthaí mothálacha i measc leanaí a chónaíonn le beirt tuismitheoirí i gcomparáid le leanaí nach gcónaíonn le beirt tuismitheoirí (13% vs. 20%).
- Níos minice ná a mhalairt ní shonraítear comharthaí fisiciúla sláinte i measc leanaí a chónaíonn le beirt tuismitheoirí i gcomparáid le leanaí nach gcónaíonn le beirt tuismitheoirí (24% vs. 30%).
- Níos minice ná a mhalairt ní léiríonn leanaí a chónaíonn le beirt tuismitheoirí go raibh siad ólta i gcomparáid le leanaí nach gcónaíonn le beirt tuismitheoirí (30% vs. 41%).
- Níos minice ná a mhalairt ní caiteoirí rialta tobac iad leanaí a chónaíonn le beirt tuismitheoirí i gcomparáid le leanaí nach gcónaíonn le beirt tuismitheoirí (17% vs. 28%).
- Níl baint ag aicme shóisialta, iompar bulaíochta, gortú agus gníomhaíocht fhisiciúil le bheith i do chónaí le beirt tuismitheoirí.

...Struchtúr Teaghlaigh i measc Leanaí ag Aois Scoile



Céatadán leanaí ar aois 15 bliana iad a chónaíonn lena mbeirt tuismitheoirí, de réir tíre

Idirnáisiúnta

Tá leanaí Éireannacha 15 bliana d'aois (idir bhuachaillí agus chailíní) san ochtú háit i measc 35 tír san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh agus 85% ag tabhairt le fios go gcónaíonn siad lena mbeirt tuismitheoirí. Tá cosúlachtaí idir figiúirí na hÉireann trasna na n-aoisghrúpaí (i bhformhór na dtíortha sonraítear comhréir na leanaí a chónaíonn lena mbeirt tuismitheoirí i bhfad níos lú i measc leanaí níos sine). Tá Éire sa deichiú háit i measc leanaí ar aois 11 agus 13 iad.

Impleachtaí

Léiríonn na torthaí seo an tionchar a bhíonn ag bheith i do chónaí le do bheirt tuismitheoirí ar shláinte agus ar fholláine leanaí na hÉireann. De réir na dtorthaí, agus mar gheall ar an athrú ar struchtúr teaghlaigh tá sé tábhachtach tacú le teaghlaigh ar mhaithe le folláine agus sláinte na leanaí. Ní thagraíonn an fhaisnéis seo ach do struchtúr teaghlaigh agus ní chuirtear a fheabhas ná a mheasa is atá na caidrimh laistigh den teaghlach san áireamh. Mar sin féin, níor mhór do na daoine uile a bhíonn ag obair le leanaí nó ar son leanaí a bheith airdeallach ar na rátaí ísle folláine a thug leanaí nach bhfuil ag cónaí lena mbeirt tuismitheoirí le fios. Iarrtar ar na daoine seo dul i muinín a dtaithí agus a scileanna chun déileáil leis seo de réir mar is cuí.

...Struchtúr Teaghlaigh i measc Leanaí ag Aois Scoile

Tagairtí

1. Currie, C., Samdal, O., Boyce, W. & Smith, R. (eagí) (2001). *Health behaviour in school-aged children: (HBSC). Research protocol for 2001/2002 survey.* Dún Éideann: CAHRU, Ollscoil Dhún Éideann.

2. Currie, C., Roberts, C., Morgan, A., Smith, R., Settertobulte, W., Samdal, O. & Barnakov-Rasmussen, V. (eagí.) (2004). *Young people's health in context. WHO* health policy series for children and adolescents No. 4. Cóbanhávan: Cóbanhávan: WHO-EURO.

3. Tinsley, B.J., Markey, C.N., Eriksen, A.J., Kwasman, A. & Ortiz, R.V. (2002). Health promotion for parents. In H.M. Bornstein (Eag.) *Handbook of parenting: practical issues in parenting*. Hillside, NJ: Laurence Erlbaum.

4. Coleman, J. & Hendry, L.B. (1999). *The nature of adolescence* (3ú heag.). Londain: Routledge.

5. Grando-Alcon, M.C. & Pedersen, M. (2001). Family as a child development context and smoking behaviour among schoolchildren in Greenland. *International Journal of Circumpolar Health*, 60, 52-63.

6. Griesbach, D., Amos, A. & Currie, C. (2003). Adolescent smoking and family structure in Europe. *Social Science and Medicine*, 56, 41-52.

Staidéar taighde is é an Iompraíocht Sláinte Leanaí na hÉireann a rinne líonra idirnáisiúnta d'fhoirne taighde [1,2] i gcomhar leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (Eoraip) agus a chomhordaigh an Dr Candace Currie ó Ollscoil Dhún Éideann. Sa bhliain 2002, rinne HBSC na hÉireann suirbhé ar 8,424 leanbh Éireannach ó scoileanna éagsúla ar fud na tíre.

Tá tuilleadh eolais le fáil ag www.hbsc.org, ag www.nuigalway.ie/hbsc agus ag www.hbsc.org/countries/ireland.html

Faigheann HBSC na hÉireann maoiniú ón Aonad um Chothú Sláinte sa Roinn Sláinte agus Leanaí. Fuarthas cúnamh deontais ón mBord Taighde Sláinte chun an bhileog fíricí seo a chur le chéile. Bhí HBSC na hÉireann ina chuid de Shuirbhéanna Náisiúnta Sláinte agus Nós Maireachtála a stiúraigh an tOllamh Cecily Kelleher. Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh leis na leanaí, na múinteoirí agus na scoileanna ar fad a ghlac páirt sa suirbhé agus aitheantas a thabhairt don méid a rinne ár gcomhghleacaithe san Ionad Léinn um Chothú Sláinte, OÉ Gaillimh.

HBSC

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
National University of Ireland, Galway

Department of Health & Children
AN ROINN SLÁINTE AGUS LEANAÍ